Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14386/25**
**ADD 1**

**DENLEG 55**
**FOOD 93**
**SAN 664**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 109690 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le RIALACHÁN (AE).../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carraigínin (E 407), guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a úsáid agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 109690 annex.

---

Faoi iamh: D(2025) 109690 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2024/2042 ANNEX REV.1
(POOL/E2/2024/2042/2042 R1-EN
ANNEX.docx) D109690/02
[…](2025) XXX draft

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE)…/… ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carraigínin (E 407), guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450) a úsáid agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí le haghaidh guma pónaire lócaiste (E 410), guma guair (E 412), guma arabach (guma acáise) (E 414), guma xantáin (E 415), peictiní (E 440) agus sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse (E 1450)**

# IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Cuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) i gcatagóir 01.10 ('Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar do leanaí óga'):

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 407 Carraigínin:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 407 | Carraigínin | 300 | (X)' | |

;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 410 Guma pónaire lócaiste':

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 410 | Guma pónaire lócaiste | 10 000 | (X)' | |

;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 412 Guma guair:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 412 | Guma guair | 10 000 | (X)' | |

;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 414 Guma arabach (guma acáise):

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 414 | Guma arabach (guma acáise) | 10 000 | (X)' | |

;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 415 Guma xantáin:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 415 | Guma xantáin | 10 000 | (X)' | |

;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 440 Peictiní':

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 'E 440 | Peictiní | 5 000 | (X)' | |

;

(g) scriostar fonóta (21);

(h) cuirtear an fonóta nua (X) isteach i ndiaidh fhonóta (44):

'(X): Má chuirtear níos mó ná ceann amháin de na substaintí E 407, E 410, E 412, E 414, E 415 agus E 440 le hearra bia, ní mór an t-uasleibhéal a shocraítear maidir leis an earra bia sin le haghaidh gach ceann de na substaintí sin a ísliú de réir na coda coibhneasta sin mar tá sí ann leis na substaintí eile san earra bia sin ';

(2) I gcatagóir 13.1.1 ('Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013') scriostar an iontráil maidir le E 412 Guma guair;

(3) i gcatagóir 13.1.5.1 (Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin):

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Tá feidhm ag breiseáin chatagóirí 13.1.1 agus 13.1.2, cé is moite de E 412';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 410 Guma pónaire lócaiste':

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 410 | Guma pónaire lócaiste | 5 300 | | Ó thráth na breithe ar aghaidh i dtáirgí chun an aife gastra-éasafagach a laghdú' |

;

(c) scriostar an iontráil maidir le E 412 Guma guair;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 440 Peictiní':

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 440 | Peictiní | 4 000 | | Ó thráth na breithe ar aghaidh i dtáirgí le haghaidh neamhoird ghastraistéigeacha' |

;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 1450 Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 1450 | Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse | 20 000 | | i mbainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach amháin<br>Tréimhse cur i bhfeidhm: go dtí [*24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] |
| | E 1450 | Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse | 10 000 | | i mbainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach amháin<br>Tréimhse cur i bhfeidhm: ón [*24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | *Rialacháin seo*]’ |

;

(4) i gcatagóir 13.1.5.2 (Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin atá 4 mhí d’aois agus níos sine agus do leanaí óga):

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Tá feidhm ag breiseáin chatagóirí 13.1.2 agus 13.1.3, cé is moite de E 270, E 333, E 341, E 412.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le ‘E 410 Guma pónaire lócaiste’:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | ‘E 410 | Guma pónaire lócaiste | 5 300 | | Ó thráth na breithe ar aghaidh i dtáirgí chun an aife gastra-éasafagach a laghdú’ |

;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 412 Guma guair;

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | ‘E 412 | Guma guair | 10 000 | | Ó thráth na breithe ar aghaidh i dtáirgí i bhfoirmlí leachtacha ina bhfuil próitéiní hidrealaithe, peiptídí nó aimíonaigéid<br>Tréimhse cur i bhfeidhm:<br>go dtí an 27 Aibreán 2027’ |

;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le ‘E 440 Peictiní’:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | ‘E 440 | Peictiní | 4 000 | | Ó thráth na breithe ar aghaidh i dtáirgí le haghaidh neamhoird ghastraistéigeacha’ |

;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 1450 Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | ‘E 1450 | Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse | 20 000 | | Tréimhse cur i bhfeidhm: go dtí [*24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] |
| | E 1450 | Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse | 10 000 | | Tréimhse cur i bhfeidhm: ón [*24 mhí tar éis dháta theacht i* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | *bhfeidhm an Rialacháin seo*]’ |

.

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 231/2012:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 410 GUMA PÓNAIRE LÓCAISTE':

E 410 GUMA PÓNAIRE LÓCAISTE

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | Guma pónaire carúib; Guma *algaroba* |
| **Sainmhíniú** | Is éard atá i nguma pónaire lócaiste an inspeirm mheilte ó shíolta thréithchineálacha an chrainn carúib, *Cerationia siliqua* (L.) Taub. (fine *Leguminosae*). Déantar na síolta a scilligeadh trí na heithní a chóireáil le haigéad sulfarach caolaithe nó le cóireálacha meicniúla teirmeacha, an ginidín a dhíothú, agus an inspeirm a mhuilleáil agus a scagadh ina dhiaidh sin chun guma pónaire lócaiste nádúrtha a fháil. Is éard atá i nguma pónaire lócaiste den chuid is mó polaisiúicríd hidreacollóideach ardmheáchain mhóilínigh, atá comhdhéanta d'aonaid ghalachtaipioranóis agus mhannaipioranóis atá comhcheangailte trí naisc ghliocóisídeacha, rud ar féidir tuairisc cheimiceach a thabhairt air mar galachtamannan. |
| Einecs | 232-541-5 |
| Uimhir CAS | 9000-40-2 |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | 50 000 - 3 000 000 |
| Measúnacht | Cion galachtamannain nach lú ná 75 % |
| **Tuairisc** | Púdar idir bán agus scothbhuí-bhán, nach mór gan bholadh |
| **Sainaithint** | |
| Tástáil le haghaidh galachtóis | Pas sa tástáil |
| Tástáil le haghaidh mannóis | Pas sa tástáil |
| Scrúdú micreascópach | Cuir roinnt sampla mheilte i dtuaslagán uiscí ina bhfuil cion iaidín 0,5 % agus cion potaisiam iaidíde 1 % ar shleamhnán gloine agus scrúdaigh faoi mhicreascóp é. I nguma pónaire lócaiste tá cealla fadsínte i bhfoirm feadán, iad scartha nó beagán idirspásaithe. Níl a n-inneachar donn chomh gnáthfhoirmithe ná mar atá i nguma guair. Léiríonn guma guair dlúthghrúpaí cealla atá idir cruinn agus ar chruth an phiorra. Tá a n-inneachar idir buí agus donn |

| | |
|---|---|
| Intuaslagthacht | Ineasraithe go hiomlán in uisce te, dothuaslagtha in eatánól |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 15 % (105 °C, 5 uair an chloig) |
| Luaith | Nach mó ná 1,2 % arna cinneadh ag 800 °C |
| Próitéin (N × 6,25) | Nach mó ná 7 % |
| Ábhar dothuaslagtha in aigéad | Nach mó ná 4 % |
| Stáirse | Ní féidir é a bhrath leis an modh seo a leanas: cuir cúpla braon de thuaslagán iaidín le heasrán 1 in 10 den sampla. Ní ghintear aon dath gorm. |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,4 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Eatánól agus própán-2-ól | Nach mó ná 1 % ina n-aonar nó i gcuingir |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| Áireamh coilíneachtaí aeróbacha | Nach mó ná 5 000 ADC/g |
| Giosta agus múscáin | Nach mó ná 500 ADC/g |
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 1 g |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g |
| *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*) | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin agus bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois, agus sa chás sin amháin)' |

;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le ‘E 412 GUMA GUAIR’:

‘E 412 GUMA GUAIR

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | Guma *cyamopsis*; Plúr guair |
| **Sainmhíniú** | Is eard atá i nguma guair an inspeirm mheilte ó shíolta thréithchineálacha an phlanda guair, *Cyamopsis tetragonolobus* (L.) Taub. (fine *Leguminosae*). Déantar an ginidín agus an inspeirm a dheighilt trí mhuilleáil agus criathrú. Baintear an crotal trí chóireáil le haer te atá tais nó tirim agus le criathrú. Is éard atá ann den chuid is mó polaisiúicríd hidreacollóideach ardmheáchain mhóilínigh, atá comhdhéanta d’aonaid ghalachtaipioranóis agus mhannaipioranóis atá comhcheangailte trí naisc ghliocóisídeacha, rud ar féidir tuairisc cheimiceach a thabhairt air mar galachtamannan. Féadfar an guma a hidrealú go páirteach trí chóireáil teasa, trí chóireáil le haigéid éadrom nó trí chóireáil ocsaídiúcháin alcaileach le haghaidh coigeartú slaodachta. |
| Einecs | 232-536-0 |
| Uimhir CAS | 9000-30-0 |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | 50 000 – 8 000 000 |
| Measúnacht | Cion galachtamannain nach lú ná 75 % |
| **Tuairisc** | Púdar idir bán agus scothbhuí-bhán, nach mór gan bholadh |
| **Sainaithint** | |
| Tástáil le haghaidh galachtóis | Pas sa tástáil |
| Tástáil le haghaidh mannóis | Pas sa tástáil |
| Intuaslagthacht | Ineasraithe in uisce fuar |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 15 % (105 °C, 5 uair an chloig) |
| Luaith | Nach mó ná 5,5 % arna cinneadh ag 800 °C |

| | |
|---|---|
| Ábhar dothuaslagtha in aigéad | Nach mó ná 7 % |
| Próitéin | Nach mó ná 10 % (fachtóir N x 6,25) (modh Kjeldahl) |
| Stáirse | Ní féidir é a bhrath leis an modh seo a leanas: cuir cúpla braon de thuaslagán iaidín le heasrán 1 in 10 den sampla. Ní ghintear aon dath gorm. |
| Sárocsaídí orgánacha | Nach mó ná 0,7 meq ocsaigin ghníomhach/kg sampla |
| Fúrfúral | Nach mó ná 1 mg/kg |
| Peinteaclóraifeanól | Nach mó ná 0,01 mg/kg |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,2 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| Áireamh coilíneachtaí aeróbacha | Nach mó ná 5 000 ADC/g |
| Giosta agus múscáin | Nach mó ná 500 ADC/g |
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 1 g |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g' |

;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le E 414 GUMA ACÁISE:

'E 414 GUMA ARABACH (GUMA ACÁISE)

| **Comhchiallaigh** | |
|---|---|
| **Sainmhíniú** | Úscadh triomaithe atá i nguma acáise a fhaightear ó ghais agus ó bhrainsí tréithchineálacha *Acacia senegal* (L) Willdenow nó speicis acáise (fine *Leguminosae*) a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile. Is éard atá ann den chuid is mó polaisiúicrídí hidreacollóideacha ardmheáchain mhóilínigh agus a salainn chailciam, mhaignéisiam |

| | |
|---|---|
| | agus photaisiam, a thugann araibionós, galachtós, ramnós agus aigéad glúcúrónach nuair a dhéantar hidrealú orthu. |
| Einecs | 232-519-5 |
| Uimhir CAS | 9000-01-5 |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | Thart ar 350 000 |
| Measúnacht | |
| **Tuairisc** | Tagann guma acáise neamh-mheilte chun cinn i bhfoirm braonta sféaróideach bána nó scothbhuí-bhána de mhéideanna éagsúla nó mar bhloghanna uilleacha agus uaireanta measctar é le bloghanna níos dorcha. Tagann sé chun cinn freisin i bhfoirm calóg, gráinníní nó phúdair idir bán agus scothbhuí nó i bhfoirm ábhair spraethriomaithe. |
| **Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Tuaslagtar 1 g in 2 ml d'uisce fuar, rud a chruthaíonn easrán a shreabhann go héasca agus atá aigéadach go litmeasach, dothuaslagtha in eatánól. |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 17 % (105 °C, 5 uair an chloig) i gcás ábhar gráinneach agus nach mó ná 10 % (105 °C, 4 uair an chloig) i gcás ábhar spraethriomaithe |
| Iomlán na luatha | Nach mó ná 4 % |
| Luaith dothuaslagtha in aigéad | Nach mó ná 0,5 % |
| Ábhar dothuaslagtha in aigéad | Nach mó ná 1 % |
| Stáirse nó deistrin | Déan easrán 1 in 50 den ghuma a fhiuchadh agus ansin déan é a fhuarú. Cuir aon bhraon amháin de thuaslagán iaidín le 5 ml de. Ní thugtar aon dath scothghorm ná scothdhearg. |
| Tainnin | Cuir thart ar 0,1 ml de thuaslagán clóiríde feirí (9 g $FeCl_3.6H_2O$ déanta suas go 100 ml le huisce) le 10 ml d'easrán 1 in 50. Ní chruthaítear aon dathú scothdhubh ná deascán scothdhubh. |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |

| | |
|---|---|
| Luaidhe | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| Alúmanam | Nach mó ná 100 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bianna do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 200 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Táirgí hidrealaithe | Neamhláithreacht mannanóis, xiolóis agus aigéid ghalachtúrónaigh (arna chinneadh le crómatagrafaíocht). |
| Próitéiní | Nach mó ná 3,5 %<br>Na hocsaíodáisí agus sárocsaíodáisí a bhíonn i nguma acáise go nádúrtha nó mar thoradh ar phróiseáil, ba cheart iad a dhíghníomhachtú le linn próiseas monaraíochta guma acáise lena úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga. |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| Áireamh coilíneachtaí aeróbacha | Nach mó ná 10 000 ADC/g |
| Giosta agus múscáin | Nach mó ná 10 000 ADC/g |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g |
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 5 g |
| *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*) | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin agus bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois, agus sa chás sin amháin)' |

;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 415 GUMA XANTÁIN':

'E 415 GUMA XANTÁIN

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | |

| | |
|---|---|
| **Sainmhíniú** | Is éard atá i nguma xantáin guma polaisiúicríde ardmheáchain mhóilínigh arna tháirgeadh trí choipeadh saothráin íon carbaihiodráite le tréithchineálacha *Xanthomonas campestris*, a shainaithnítear go soiléir agus a chomhlíonann na critéir maidir le cáiliú le haghaidh stádas QPS (i.e. neamhláithreacht géinte frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha faighte), a íonaítear trí ghnóthú le heatánól nó le própán-2-ól, triomaithe agus muilleáilte. Tá D-glúcós agus D-mannós i nguma xantáin agus is iad sin na haonaid heacsóis is mó atá ann, mar aon le haigéad D-glúcúrónach, aigéad piorúvach agus aigéad aicéiteach, agus ullmhaítear é mar shalann sóidiam, potaisiam nó cailciam. Tá a easrú in uisce neodrach. Ní mór gan aon ghníomhaíocht einsíme iarmharach a bheith le brath sa táirge deiridh. |
| Einecs | 234-394-2 |
| Uimhir CAS | 11138-66-2 |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | Thart ar 1 000 000 |
| Measúnacht | Tugann sé, ar bhonn triomaithe, cion nach lú ná 4,2 % agus nach mó ná 5 % de $CO_2$ a chomhfhreagraíonn do chion guma xantáin idir 91 % agus 108 % |
| **Tuairisc** | Púdar ar dhath an uachtair |
| **Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Ineasraithe in uisce. Dothuaslagtha in eatánól. |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 15 % (105 °C, 2,5 uair an chloig) |
| Iomlán na luatha | Nach mó ná 16 % ar bhonn ainhidriúil arna chinneadh ag 650 °C tar éis triomú ag 105 °C ar feadh 4 uair an chloig |
| Aigéad piorúvach | Nach lú ná 1,5 % |
| Nítrigin | Nach mó ná 1,5 % (modh Kjeldahl) |
| Eatánól agus própán-2-ól | Nach mó ná 500 mg/kg ina n-aonar nó i gcuingir |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |

| | |
|---|---|
| Luaidhe | Nach mó ná 0,5 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,3 mg/kg |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| Áireamh coilíneachtaí aeróbacha | Nach mó ná 5 000 ADC/g |
| Giosta agus múscáin | Nach mó ná 300 ADC/g |
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 5 g |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g |
| *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*) | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin agus bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois, agus sa chás sin amháin) |
| *Xanthomonas campestris* | Neamhláithreacht ceall imharthana in 1 g' |

;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 440 (i) PEICTIN':

'E 440 (i) PEICTIN

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | |
| **Sainmhíniú** | Is éard atá i bpeictin den chuid is mó na heistir mheitile pháirteacha d'aigéad polagalachtúrónach agus a salainn amóiniam, sóidiam, photaisiam agus chailciam. Faightear í trí thréithchineálacha ábhair plandaí inite iomchuí, torthaí citris nó úlla de ghnáth, a eastóscadh i meán uiscí. Ní mór gan aon ghníomhaíocht einsíme iarmharach a bheith le brath sa táirge deiridh. Ní úsáidfear aon deascóir orgánach seachas meatánól, eatánól agus propán-2-ól. |
| Einecs | 232-553-0 |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |

| | |
|---|---|
| Meáchan móilíneach | |
| Measúnacht | Cion aigéid ghalachtúrónaigh nach lú ná 65 % ar bhonn saor ó luaith agus ar bhonn ainhidriúil tar éis é a ní le haigéad agus le halcól |
| **Tuairisc** | Púdar bán, buí éadrom, liath éadrom nó donn éadrom |
| **Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Ineasraithe in uisce, lena gcruthaítear easrú collóideach ópalach. Dothuaslagtha in eatánól. |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 12 % (105 °C, 2 uair an chloig) |
| Luaith dothuaslagtha in aigéad | Nach mó ná 1 % (dothuaslagtha a bheag nó a mhór in aigéad hidreaclórach 3N) |
| Dé-ocsaíd sulfair | Nach mó ná 50 mg/kg ar bhonn ainhidriúil |
| Cion nítrigine | Nach mó ná 1,0 % tar éis é a ní le haigéad agus le heatánól |
| Iomlán na n-ábhar dothuaslagtha | Nach mó ná 3 % |
| Iarmhair tuaslagóirí | Cion nach mó ná 1 % de shaormheatánól, saoreatánól agus saorphrópán-2-ól, ina n-aonar nó i gcuingir, ar bhonn saor ó ábhar agus so-ghalaithe |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,3 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bianna do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 1 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bianna do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 0,5 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Alúmanam | Nach mó ná 120 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 200 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |

| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
|---|---|
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 10 g |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*) | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin agus bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois, agus sa chás sin amháin)' |

;

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 440 (ii) PEICTIN AIMÍDITHE':

'E 440 (ii) PEICTIN AIMÍDITHE

| **Comhchiallaigh** | |
|---|---|
| **Sainmhíniú** | Is éard atá i bpeictin aimídithe den chuid is mó na heistir mheitile pháirteacha agus na haimídí d'aigéad polagalachtúrónach agus a salainn amóiniam, sóidiam, photaisiam agus chailciam. Faightear í trí thréithchineálacha iomchuí d'ábhar plandaí inite, torthaí citris nó úlla de ghnáth, a eastóscadh i meán uiscí, agus trí chóireáil le hamóinia faoi dhálaí alcaileacha. Ní mór gan aon ghníomhaíocht einsíme iarmharach a bheith le brath sa táirge deiridh. Ní úsáidfear aon deascóir orgánach seachas meatánól, eatánól agus propán-2-ól. |
| Einecs | |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | |
| Measúnacht | Cion aigéid ghalachtúrónaigh nach lú ná 65 % ar bhonn saor ó luaith agus ar bhonn ainhidriúil tar éis é a ní le haigéad agus le halcól |
| **Tuairisc** | Púdar bán, buí éadrom, scothliath éadrom nó scothdhonn éadrom |

| | |
|---|---|
| **Sainaithint** | |
| Intuaslagthacht | Ineasraithe in uisce, lena gcruthaítear easrú collóideach ópalach. Dothuaslagtha in eatánól. |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 12 % (105 °C, 2 uair an chloig) |
| Luaith dothuaslagtha in aigéad | Nach mó ná 1 % (dothuaslagtha a bheag nó a mhór in aigéad hidreaclórach 3N) |
| Méid an aimídithe | Nach mó ná 25 % d'iomlán na gcarbocsailghrúpaí |
| Dé-ocsaíd sulfair | Nach mó ná 50 mg/kg ar bhonn ainhidriúil |
| Cion nítrigine | Nach mó ná 2,5 % tar éis é a ní le haigéad agus le heatánól |
| Iomlán na n-ábhar dothuaslagtha: | Nach mó ná 3 % |
| Iarmhair tuaslagóirí | Cion nach mó ná 1 % de mheatánól, eatánól agus própán-2-ól, ina n-aonar nó i gcuingir, ar bhonn saor ó ábhar agus so-ghalaithe |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,3 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bianna do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 1 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Mearcair | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,1 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bianna do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 0,5 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Alúmanam | Nach mó ná 120 mg/kg (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 200 mg/kg (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta |

| | |
|---|---|
| | míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 10 g |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*) | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin agus bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois, agus sa chás sin amháin)' |

;

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála maidir le 'E 1450 SUCSAINÉIT OCHTAINILE SÓIDIAM STÁIRSE':

'E 1450 SUCSAINÉIT OCHTAINILE SÓIDIAM STÁIRSE

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | SOSS |
| **Sainmhíniú** | Stáirse modhnaithe atá i sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse. Monaraítear é trí sciodar stáirse bia a chóireáil le hainhidríd ochtainiolsucsanach. Tar éis an méid iomchuí eistearúcháin a bhaint amach, gnóthaítear an stáirse modhnaithe trína neodrú le haigéad, trína níochán le huisce, ní trína dhí-uisciú agus a thriomú. |
| Einecs | |
| Ainm ceimiceach | |
| Foirmle cheimiceach | |
| Meáchan móilíneach | |
| Measúnacht | |
| **Tuairisc** | Púdar nó gráinníní nó calóga bána nó beagnach bán (nuair atá sí réamhgheilitínithe), púdar éagruthach nó cáithníní garbha |
| **Sainaithint** | |
| Breathnú micreascópach | Pas sa tástáil (nuair nach bhfuil sí réamhgheilitínithe) |
| Ruaimniú iaidín | Pas sa thástáil (dath idir gorm dorcha agus dearg éadrom) |
| **Íonacht** | |

| | |
|---|---|
| Caillteanas mar gheall ar thriomú | Nach mó ná 15,0 % le haghaidh stáirse gránaigh<br>Nach mó ná 21,0 % le haghaidh stáirse prátaí<br>Nach mó ná 18,0 % le haghaidh stáirse eile |
| Grúpaí ochtainiolsucsainile | Nach mó ná 3 % (ar bhonn ainhidriúil) |
| Iarmhar aigéid ochtainiolsucsainile | Nach mó ná 0,3 % (ar bhonn ainhidriúil) |
| Dé-ocsaíd sulfair | Nach mó ná 10 mg/kg ar bhonn ainhidriúil |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,05 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 0,1 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,03 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 0,2 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Mearcair | Nach mó ná 0,05 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,01 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (i gcás ina gcuirtear é le bia do naíonáin agus do leanaí óga, agus sa chás sin amháin)<br>Nach mó ná 0,1 mg/kg (ar bhonn ainhidriúil) (le haghaidh na n-úsáidí uile cé is moite de bhianna a cheaptar do naíonáin agus do leanaí óga amháin) |
| Glútan | Saor ó ghlútan, i mbainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach amháin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127/CE ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2015 |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| *Enterobacteriaceae* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Escherichia coli* | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bianna do naíonáin iad, agus sa chás sin amháin) |
| *Salmonella* spp. | Neamhláithreach in 25 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin, bianna triomaithe chun críocha speisialta |

| | |
|---|---|
| | míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois agus foirmle leantach triomaithe, agus sa chás sin amháin) |
| *Cronobacter* spp. (*Enterobacter sakazakii*) | Neamhláithreach in 10 g (i gcás ina gcuirtear é le bainne foirmle triomaithe do naíonáin agus bianna triomaithe chun críocha speisialta míochaine a cheaptar do naíonáin atá faoi bhun 6 mhí d'aois, agus sa chás sin amháin)' |

.